Tacaíocht a Thabhairt do Dhídeanaithe Linbh agus Iarrthóirí Tearmainn Linbh agus Iad a Chur san Áireamh sa Chóras Oideachais

Hilary Harmon
Bainisteoir Tionscadail
Tionscnamh Leanaí Dídeanaithe

Arna fhoilsiú ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don Lámhleabhar Scoile um Threoir



Clár na nÁbhar

Achoimre 3
Eochairfhocail 3
Réamheolas 4
Dídeanaithe Linbh agus Iarrthóirí Tearmainn Linbh in Éirinn 5
Dídeanaithe Linbh agus Oideachas 6
Buncheisteanna maidir le Dídeanaithe Linbh agus Iarrthóirí Tearmainn Linbh in Éirinn 7
Cuir Chuige Deachleachtais 9
Tuilleadh Eolais 15
Tagairtí 16
Aguisín 1 22

Achoimre

Lean an ghéarchéim dhomhanda mhéadaitheach dídeanaithe sa bhliain 2016 nuair a bhí 1.5 milliún iarrthóir tearmainn i mBallstáit AE. Ba leanaí iad níos mó ná ceathrú milliún díobh siúd a bhí ag iarraidh tearmainn. Ar fud an domhain, níl rochtain ach ag 50 faoin gcéad de dhídeanaithe linbh ar oideachas bunleibhéal, agus níl ach duine amháin as ceathrar cláraithe sa mheánscoil. Tá a fhios againn go bhfuil leanaí ag iarraidh dul go dtí an scoil thar aon ní eile.

Gheall Éire go nglacfaidh sí le 4,000 dídeanaí agus go dtabharfar tús áite do leanaí mar chuid den ghealltanas sin. Go dtí seo, tháinig 840 dídeanaí agus iarrthóir tearmainn linbh go hÉirinn mar chuid de chláir athlonnaithe agus athshocraithe. Tá an líon sin sa bhreis ar 1,420 iarrthóir tearmainn linbh a bhfuil cónaí orthu in ionaid Soláthair Dhírigh ar fud na tíre.

Cuireann an t-alt seo achoimre ghairid ar fáil maidir leis an ngéarchéim dídeanaithe atá san Eoraip faoi láthair; taithí na ndídeanaithe linbh; agus an tionchar ina dhiaidh sin ar a saol agus oideachas. Pléann sé na saincheisteanna agus na dúshláin reatha a bhaineann le saol na ndídeanaithe linbh agus na n-iarrthóirí tearmainn linbh in Éirinn inniu, agus cuirtear deireadh leis an alt trí phlé a dhéanamh ar chuir chuige deachleachtais a thacaíonn le hionchuimsiú na leanaí sin i suíomhanna oideachais.

Eochairfhocail

Oideachas; Dídeanaithe; Iarrthóirí Tearmainn; Imeascadh; Éagsúlacht; Ionchuimsiú; Ciníochas; Idirdhealú; Meabhairshláinte; Riachtanais Shíceasóisialta; Bochtaineacht; Mionlaigh; Féiniúlacht Chultúrtha; Muintearas; Cur Chuige sa Scoil Uile; Deachleachtas; Béarla mar Theanga Bhreise; Éire; Ceannaireacht.

Réamheolas

Tá níos mó daoine easáitithe anois ar fud an domhain ná riamh. Tá níos mó ná 22.5 milliún dídeanaí ar fud an domhain - agus tá níos mó ná leath díobh faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá sé mhilliún díobh d'aois bhunscoile agus aois meánscoile (UNHCR, 2016, l.3). Tá an líon is mó dídeanaithe ar domhan sa Tuirc (2.9 milliún), agus ina dhiaidh sin tá an Phacastáin (1.4 milliún), an Liobáin (1 milliún), an Iaráin (979,400) agus Uganda (940,000) (UNHCR, 2017, l.15).

In 2016, d'iarr 1.5 milliún duine ar thearmann i mBallstáit AE, níos mó ná ceathrú milliún leanbh ina measc (An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2016). Tá na leanaí sin an-leochaileach: chaill go leor díobh tuismitheoirí agus siblíní, bhain tráma suntasach díobh nó chonaic siad gníomhartha foréigin tromchúiseacha. Agus iad ag taisteal chun na hEorpa bíonn siad i mbaol mar gheall ar obair éigeantais, foréigean, fuadach, dúshaothrú gnéis, chomh maith le coinneáil (An Coimisiún Eorpach, 2017, l.77-78). Tá beagnach 70 faoin gcéad de na leanaí sin ag éalú ó choimhlint sa tSiria, an Afganastáin agus an Iaráic (Comhairle na hEorpa,2017, l.1).

In ainneoin nádúr guaiseach an aistir sin, taistealaíonn go leor leanaí ina n-aonar gan tuismitheoir ná caomhnóir. Ón bhliain 2010 tháinig méadú faoi chúig ar líon na leanaí ag taisteal ina n-aonar (UNICEF, 2017, l.12) agus d'iarr níos mó ná 65,000 mionaoiseach gan tionlacan ar thearmann i mBallstáit AE in 2016 (an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2017, l.128).

Ar an meán, measann an UNHCR go gcailleann dídeanaithe amach ar thrí nó ceithre bliana scolaíochta mar gheall ar dhíláithriú éigeantach (UNHCR, 2016, l.14).

Dídeanaithe Linbh agus Iarrthóirí Tearmainn Linbh in Éirinn

I Meán Fómhair 2015, gheall Éire go nglacfaidh sí le 4,000 dídeanaí agus go dtabharfar tús áite do leanaí mar chuid den ghealltanas sin. Bhí 1,680 dídeanaí tagtha go hÉirinn faoi mhí Feabhra 2018 tríd an gclár sin, as a raibh thart ar 840 díobh leanaí (Freagra ar Cheist Pharlaiminte, 2018).[1]

Anuas ar na dídeanaithe a nglactar leo mar chuid de Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe, tagann teaghlaigh agus leanaí chuig calafoirt iontrála na hÉireann nó chuig an Oifig Cosanta Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath ag iarraidh tearmainn. Tá cónaí ar fhormhór na n-iarrthóirí tearmainn in Ionaid Soláthair Dhírigh in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Tá thart ar 1,420 iarrthóir tearmainn linbh ag cónaí i Soláthar Díreach (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2017, l.5).

Tá stádas dídeanaí ag dídeanaithe a thagann chuig an tír ón Liobáin tríd an gclár athlonnaithe sula dtagann siad go hÉirinn. Ní mór d'iarrthóirí tearmainn a thagann chun na tíre tríd an gclár athlonnaithe ón nGréig nó a thagann gan choinne go hÉirinn iarratas a chur isteach chuig an Oifig Cosanta Idirnáisiúnta ar stádas dídeanaí; d'fhéadfadh an próiseas sin a bheith an-fhada (IHREC, 2014, l.9).

Tá an lucht iarrthóra tearmainn in Éirinn éagsúil agus áirítear leo daoine ón tSiria, an Nigéir, an tSiombáib, an Afganastáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus an Mhaláiv (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2017, l.15).

[1] Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-athraíonn líon na ndídeanaithe linbh agus iarrthóirí tearmainn linbh in Éirinn ó mhí go mí. Is léiriú ar líon na ndídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn linbh sa Stát i bhFeabhra 2018 iad na figiúirí atá luaite.

Dídeanaithe Linbh agus Oideachas

Tá a fhios againn go bhfuil dídeanaithe linbh ag iarraidh dul go dtí an scoil thar aon ní eile. Maíonn teaghlaigh riachtanais oideachais a leanaí go rialta mar cheann de na spreagthaí is láidre atá acu chun coimhlint a éalú (Save the Children, 2016, l.8). Tugann an scoil agus an t-oideachas seans do dhídeanaithe linbh sábháilteacht, ionchuimsiú agus todhchaí níos gile a bheith acu. Ach níl rochtain ach ag 50 faoin gcéad de dhídeanaithe linbh ar fud an domhain ar oideachas bunleibhéil, agus tá níos lú ná duine as ceathrar díobh cláraithe sa mheánscoil (UNHCR, 2016, l.8).

Ach ní bhíonn rochtain i gcónaí ag leanaí in ionaid fáiltithe dídeanaithe ar scolaíocht phríomhshrutha, tacaíocht shíceasóisialta leordhóthanach nó áiseanna fóillíochta rialta. Sna chéad ionaid fáiltithe agus aitheantais (teophointí) ar na hOileáin Ghréagacha, áit nach mór do leanaí fanacht ar feadh roinnt míonna, ní féidir le hiarrthóirí tearmainn linbh freastal ar ghnáthscoil (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2017, l.9). Sna teophointí dídeanaithe agus campaí éigeandála ina bhfuil deiseanna oideachais ar fáil, bíonn teorainn leis an líon áiteanna atá ar fáil; ní bhíonn an fhoireann cáilithe go leor; nó tá an cóimheas idir múinteoirí agus daltaí chomh hard sin go gcuirtear teorainn le caighdeán an teagaisc (Ahlen, 2015, l.12). D'fhéadfadh go mbeadh na hamanna próiseála maidir le hiarratais ar thearmainn ó leanaí gan tionlacan fada mar gheall ar nádúr casta na n-iarratas, agus dá bharr sin caitheann leanaí an-chuid ama taobh amuigh den scoil.

Bíonn taithí an-difriúil ag leanaí ar oideachas foirmiúil agus braitheann sé sin ar thaithí na ndídeanaithe linbh sular lonnaíodh iad. Beidh taithí shuntasach ag go leor dídeanaithe linbh ar chóras oideachais fhoirmiúil; ach d'fhéadfadh sé tarlú nach raibh taithí ar bith ag cuid eile acu ar thimpeallacht scoile, nó gur cuireadh isteach ar a fhreastal scoile nó nár bhain siad caighdeán ard ag an scoil roimhe seo. Mar shampla, roimh an gcogadh sa tSiria bhí beagnach 100 faoin gcéad de leanaí cláraithe sa scoil agus ba ionann an ráta litearthachta agus 95 faoin gcéad (UNESCO, Próifíl Phoblacht Arabach na Siria, 2017); i gcomparáid leis sin, is ionann an ráta litearthachta i measc na hóige san Afganastáin agus 58.15 faoin gcéad faoi láthair (UNESCO, Próifíl na hAfganastáine, 2017. Fad atá dídeanaithe linbh ag dul i dtaithí ar a dtír athlonnaithe, bíonn dúshlán ag baint le struchtúr foirmiúil agus docht na timpeallachta scoile go minic dóibh siúd nár ghlac páirt in oideachas foirmiúil riamh nó ar cuireadh isteach go suntasach ar a n-oideachas.

Anuas ar an taithí oideachais ar cuireadh isteach go suntasach uirthi, go minic baineann tráma síceasóisialta di dhídeanaithe linbh, tráma a chuireann isteach ar a gcumas chun foghlaim agus páirt a ghlacadh i suíomhanna oideachais. Léiríonn dídeanaithe linbh leibhéil níos airde imní agus dúlagair. De réir taighde a rinneadh le teaghlaigh ón tSiria, tá 89 faoin gcéad de na leanaí níos scanraithe agus níos neirbhísí anois ná mar a bhí, agus tá 80 faoin gcéad de leanaí níos ionsaithí (Save the Children, 2017, l.13). Bhí na fadhbanna meabhairshláinte sin le feiceáil go fóill tar éis do na leanaí a dtír dhúchais a fhágáil, agus bhí comharthaí de neamhord strus iarthrámach (PTSD) le brath ar 45 faoin gcéad de leanaí ón tSiria sa Tuirc agus comharthaí de dhúlagar le brath ar 44 faoin gcéad díobh (Özer, Şirin & Oppedal, 2016, l.28).

Ní hamháin go bhfulaingíonn dídeanaithe linbh de bharr dúshláin shuntasacha fhisiceacha agus intinn le linn dóibh a bheith díláithrithe, ach go minic leanann na dúshláin sin ar aghaidh tar éis dóibh a gceann scríbe a bhaint amach. Is féidir leis na háiseanna fáiltithe cur leis an

tráma, go háirithe nuair a chuirtear na leanaí faoi choinneáil (Human Rights Watch, 2017). D'fhéadfadh go mbeadh cónaí ar leanaí i suíomhanna atá míchuí agus go minic dófháilteach mar gheall ar nósanna imeachta fada tearmainn.

Is é imní agus strus suntasach an toradh a bhíonn ar nádúr guagach agus corrach a saoil laethúla agus ar an éiginnteacht maidir lena dtodhchaí. Déanann leibhéil arda bochtaineachta an scéal sin níos measa fós. Tá na cúinsí tubaisteacha eacnamaíocha agus eisiamh sóisialta atá roimh dhídeanaithe linbh ar cheann de na príomhúdair do mhíshuaimhneas síceasóisialta ina measc (Save the Children, 2015, l.17). Mar aitheantas air sin, tá an UNHCR i mbun gníomhaíochtaí tacaíochta síceasóisialta le níos mó ná 250,000 leanbh sa Liobáin agus san Iordáin chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta (UNHCR, 2013).

Bíonn tionchar suntasach agus comhcheangailte ag na himthosca sin go léir ar thorthaí oideachais agus gnóthachtáil na ndídeanaithe linbh. Tá go leor iarmhairtí ag baint le tráma agus is iarmhairt amháin é go mbíonn sé deacair ar dhídeanaithe linbh dearcadh dearfach a fhorbairt agus a choinneáil i leith an todhchaí (Fazel et al, 2012). D'fhéadfadh sé sin cur isteach ar conas a bhreathnaíonn daoine óga ar a slite bheatha sa todhchaí agus/nó na huaillmhianta atá acu i leith oideachas foirmiúil. Chuige sin, tá ról an-tábhachtach ag treoirchomhairleoirí maidir le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe linbh deiseanna a ghlacadh, féiníomhá dearfach a fhorbairt agus a dtodhchaí a shamhlú as an nua. Tá sé suntasach nach dtéann ach céad faoin gcéad de dhídeanaithe óga ar aghaidh go dtí oideachas tríú leibhéal (UNHCR, 2016, l.30).

Buncheisteanna maidir le Dídeanaithe Linbh agus Iarrthóirí Tearmainn Linbh in Éirinn

D'fhéadfadh taithí ina dtír dhúchais, le linn an turais agus tar éis dóibh teacht chuig a gceann scríbe tionchar mór a imirt ar oideachas agus rath acadúil na ndídeanaithe linbh. D'fhéadfadh tráma bac a chur le cumas an dalta a bheith mar chuid den slua, agus cruthaíonn éiginnteacht maidir lena stádas tuilleadh míshuaimhnis (FRA, 2017, l.11). Leagtar amach thíos roinnt de na buncheisteanna atá roimh dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn linbh in Éirinn.

Meabhairshláinte
Mar a leagadh amach thuas, baineann tráma suntasach de dhídeanaithe linbh go minic. Thug Hodes (2000) faoi deara gur féidir an brú agus an strus atá roimh an gcuid is mó dídeanaithe a rangú ina dtrí chéim: an tréimhse ina dtír dhúchais; le linn dóibh teitheadh chun na sábháilteachta; agus le linn dóibh socrú isteach ina dtír thearmainn.

Bíonn iompar áirithe le feiceáil i measc leanaí a bhfuil tráma orthu, ó iompar ionsaitheach go cúlú chugat féin (FRA, 2017, l.11). Bíonn tionchar go minic ag na saincheisteanna tráma agus athlonnaithe atá roimh a gcuid tuismitheoirí ar na leanaí atá in éineacht leo (Charboti & Berg, 2017). Bíonn teannas ag baint le caidrimh teaghlaigh sa bhaile de thoradh air sin (Arney et al, 2009, l.34). D'fhéadfadh creidimh chultúrtha agus teaghlaigh faoi fhadhbanna meabhairshláinte cosc a chur le leanaí, daoine óga agus/nó a dtuismitheoirí cúnamh proifisiúnta a iarraidh (O'Shea et al, 2000, l.191).

D'fhéadfadh go mbeadh acmhainn theoranta ag tuismitheoirí le tacaíocht shíceasóisialta a chur ar fáil dá leanaí mar gheall ar a bhfadhbanna meabhairshláinte féin (Charboti & Berg, 2017). Luaigh tuarascáil ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) le déanaí údair imní maidir le meabhairshláinte iarrthóirí tearmainn linbh i Soláthar Díreach agus an tionchar atá ag fadhbanna meabhairshláinte na dtuismitheoirí ar a n-acmhainn chun cúram a thabhairt dá leanaí (HIQA, 2015, l.14).

D'fhéadfadh an próiseas a bhaineann le dul i dtaithí ar theanga, cultúir, gnásanna agus luachanna nua tar éis an tír athlonnaithe a shroicheadh brú suntasach a chur ar theaghlaigh dídeanaithe agus dídeanaithe linbh. D'fhéadfadh an scéal nua seo tionchar suntasach a imirt ar dhinimic an teaghlaigh, ar a gcuid róil agus ar na caidrimh, fad a théann teaghlaigh i dtaithí ar a dtimpeallacht nua agus d'fhéadfadh coimhlint idir na glúnta a bheith ann de thoradh air sin (Arney et al, 2009, l.34).

Béarla mar Theanga Bhreise

Is é an tsamhail easnaimh, nó an 'deficit model', an tsamhail oideachais is mó a úsáidtear i suíomhanna oideachais in Éirinn maidir le tacaíocht Bhéarla, (Ward, 2004; Devine, 2005; Horgan, 2017). De ghnáth, ní leagann an tsamhail sin béim ar éagsúlacht teangacha nó tuilleadh foghlama na máthairtheangacha. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí tagairt do dhaltaí mar dhaltaí 'nach labhraíonn Béarla', agus is é an scéal a ghabhann leis sin ná go mbeidh na daltaí ábalta rochtain a fháil ar an gcuraclam ar an mbealach céanna le haon dalta eile nuair a fhoghlaimíonn siad Béarla.

Ní aithníonn an cur chuige sin na buntáistí a bhaineann le dátheangachas agus d'fhéadfadh an cur chuige tabhairt le fios dá bpiaraí go bhfuil fadhb ag na daltaí. Baineann sé an bonn ó scileanna reatha an linbh agus cumas an linbh mar fhoghlaimeoir. Léiríonn taighde go mbíonn torthaí níos fearr oideachais agus féiniomhá dearfach ann do dhaltaí ó ghrúpaí mionlaigh de thoradh ar chumas dátheangachais daltaí a chothú (Cummins, 2015 l. 461). Baineann dídeanaithe linbh agus óga leas suntasach síceolaíoch as braistint mhuintearais a bheith acu sa scoil, ach d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach air sin mura bhfuil ach tuiscint theoranta acu ar an teanga áitiúil (Fazel & Stein, 2002) agus/nó go mbaintear an bonn óna gcumas mar fhoghlaimeoir dátheangach.

Ciníochas

De ghnáth, bíonn drogall ar scoileanna in Éirinn aghaidh a thabhairt ar chiníochas ar bhonn gníomhach, agus go minic tugtar i ngleic leis trí úsáid a bhaint as creat frithbhulaíochta seachas creat frithchiníochais (Devine, 2005, l.59). Is léir go dtéann ciníochas i gcion ar mhionlaigh gach lá (Michael, 2016; Ní Chonaill & Buczkowska, 2016) agus, mar sin, go bhfuil ciníochas le feiceáil sa chóras oideachais chomh maith, go pointe áirithe (Devine, 2004; Bryan, 2012; Kitching, 2016). Níl sé ar aon dul le deachleachtas maidir le hoideachas idirchultúrtha dá ndéanfaí neamhaird de chiníochas nó mura rachfaí i ngleic leis ar bhonn réamhghníomhach le daltaí agus múinteoirí. Ní thacaíonn scoileanna 'nach bhfeiceann éagsúlacht', 'nach bhfeiceann cine' nó a bhfuil 'éiteas neodrach' acu le daltaí ó mhionlaigh a ionchuimsiú, agus d'fhéadfadh sé cur le fás de chlaontachtaí agus meonta dochracha i measc daltaí agus múinteoirí (Bryan, 2012; l.8).

Ba cheart cur chuige sa scoil uile a ghlacadh, cur chuige a chuimsíonn forbairt agus cur i bhfeidhm beartas láidir comhionannais agus frithbhulaíochta, oiliúint rialta maidir le frithchiníochas agus cúrsaí idirchultúrtha, chomh maith le tionscnaimh le scrúdú a dhéanamh ar agus aghaidh a thabhairt ar mheonta i measc na ndaltaí i gcoitinne i leith dídeanaithe agus

imirceach. Tá na céimeanna sin riachtanach chun tacú le daltaí ó mhionlaigh a ionchuimsiú agus chun imeascadh daltaí ó mhionlaigh leis an bpobal daltaí i gcoitinne a chothú.

An Bealach a Dhéanamh tríd an gCóras Oideachais

Baineann dídeanaithe linbh agus óga leas suntasach síceolaíoch as braistint mhuintearais a bheith acu sa scoil. Ach d'fhéadfadh sé sin a bheith dúshlánach má tá tuiscint theoranta acu ar an teanga, cultúr agus córas scoile a bhféadfadh stíleanna foghlama difriúla a bheith aige agus a bhfuiltear ag súil le rudaí difriúla (Tyrer & Fazel 2012). D'fhéadfadh tacaíochtaí a chuireann ar chumas teaghlach agus leanaí a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras oideachais, a thugann cumhacht do thuismitheoirí a bheith ar son a leanaí, agus a thugann eolas do thuismitheoirí agus leanaí maidir lena bhfuil ag súil leis agus le stíleanna foghlama, tacú leis an bpróiseas athchultúraithe i gcás na dtuismitheoirí agus leanaí araon. Is dócha go mbainfidh dídeanaithe linbh a thagann chuig tír nua, in éineacht lena dteaghlaigh nó ina n-aonar, leas a bhaint as scoileanna agus seirbhísí a chuireann ar a gcumas socrú isteach ina dtimpeallacht nua (Tyre & Fazel, 2012).

Bochtaineacht

Léiríonn taighde (Arnold, 2012; FLAC, 2009; HIQA, 2015) gur grúpa an-leochaileach iad iarrthóirí tearmainn linbh a chónaíonn i Soláthar Díreach, agus tá leibhéil arda bochtaineachta agus eisiata sóisialta ina measc. Murab ionann le tuismitheoirí eile, níl daoine sa phróiseas cosanta i dteideal an íocaíocht Sochair Linbh a fháil agus níl siad i dteideal dul ag obair, agus mar sin níl deis acu cur lena n-ioncam beag seachtainiúil (Children's Rights Alliance, 2017, l.78).

Imríonn sé sin tionchar mór ar shaolta na n-iarrthóirí tearmainn linbh agus ar a n-imeascadh le sochaí na hÉireann. Lena rá go simplí, ciallaíonn sé sin nach mbíonn an deis ag leanaí a bhfuil cónaí orthu i Soláthar Díreach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cosúil le clubanna reatha, ceachtanna snámha agus cóisirí breithlae a gcairde. Ní hamháin go gcuireann sé sin isteach ar fhorbairt chairdis le comhpháirtithe agus ar imeascadh leis an bpobal níos leithne, ach cuireann sé leis an imní shuntasach atá ar leanaí agus iad ag iarraidh a gcás eacnamaíoch a cheilt ar a gcomhpháirtithe (Arney et al, 2009, l.36).

Cuir Chuige Deachleachtais

Ní hamháin go bhféadfadh scoileanna páirt an-tábhachtach a ghlacadh in imeascadh na ndídeanaithe linbh agus teaghlach trí thacú le forbairt oideachasúil, shóisialta agus mhothúchánach na leanaí agus daoine óga, ach d'fhéadfaidís naisc riachtanacha agus teagmháil leis an bpobal áitiúil a chur ar fáil do leanaí agus tuismitheoirí. Rinneadh an-chuid taighde maidir le modheolaíochtaí agus cuir chuige éifeachtacha maidir le tacaíocht a thabhairt d'imeascadh na ndídeanaithe linbh agus iarrthóirí tearmainn linbh. Leagtar amach thíos na cuir chuige is tábhachtaí a bhfuil fianaise ann go gcinntíonn siad scoileanna il-eitneacha.

Cur Chuige sa Scoil Uile

Is éard atá i gceist le cur chuige sa scoil uile ná cur chuige a chuimsíonn gach ball den phobal scoile, bainistíocht scoile, daltaí, tuismitheoirí agus an pobal níos leithne san áireamh. Aithnítear go forleathan gurb é sin an bealach is fearr chun imeascadh a chinntiú agus chun tacú le braistint chomhuintearais i measc daltaí ó mhionlaigh (Arnot et al 2014, l.105). Ba cheart mar chuid den chur chuige sin go ndéanfar iarracht scrúdú agus machnamh a

dhéanamh ar conas a chothaíonn ***gach*** gné den timpeallacht scoile imeascadh, agus conas a thacaíonn siad leis.

Is bealach cuimsitheach chun tús a chur leis an gcur chuige sin é iniúchadh ar an scoil uile a dhéanamh, iniúchadh a chuimsíonn dearcthaí agus taithí na ndaltaí agus na mball foirne go léir. Tá fianaise ann go n-éisteann na scoileanna is éifeachtaí le agus foghlaimíonn siad ó dhaltaí agus a dtuismitheoirí (Blair & Bourne, 1998, l.4).

Go háirithe, tá acmhainneacht an-mhór ó thaobh comhtháthú de ag baint le cuir chuige sa scoil uile agus le scoileanna a bhfuil naisc láidre agus dinimiciúla acu leis an bpobal áitiúil. Cruthaíonn siad atmaisféar dearfach inbhuanaithe sa scoil, chomh maith le braistint láidir chomhuintearais. Cruthaíonn beartais scoile a chuireann meascadh eitneach chun cinn na dálaí atá de dhíth le haghaidh comhoibriú il-eitneach agus cothú caoinfhulaingthe. Is ann do roinnt clár a thacaíonn le scoileanna chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht agus comhionannas agus cur chuige idirchultúrtha a leabú sa scoil.[2]

Ach ní leor ar chor ar bith daoine óga ó chúlraí difriúla a thabhairt le chéile go fisiciúil le claontacht a laghdú agus caidreamh dearfach idirchultúrtha a fhorbairt; ní mór do scoileanna na dálaí a chruthú ionas gur féidir leis na leanaí agus baill foirne scoile go léir a gcumas idirchultúrtha a fhorbairt (Van Driel, Darmody & Kerzil, 2016). Is cuid bhunúsach de chur chuige éifeachtach sa scoil uile iad beartais láidre comhionannais agus frithbhulaíochta a thugann aghaidh réamhghníomhach ar chiníochas agus idirdhealú.

Ba cheart go n-aireofaí leis na príomhlimistéir a leagfaí béim ar ná an curaclam; modheolaíochtaí teagaisc, oideolaíochtaí idirchultúrtha san áireamh; nósanna imeachta déanta cinntí; éisteacht le guth na ndaltaí, ionadaíocht agus rannpháirtíocht na ndaltaí, agus bearta réamhghníomhacha le tacú le braistint chomhuintearais i measc daltaí ó mhionlaigh.

Sampla

Cén áit: Wakefield College, An Ríocht Aontaithe

Conas a oibríonn sé? Úsáideann an cur chuige seo cur chuige ionchuimsitheach i leith oideachais trí cheannaireacht láidir agus oiliúint múinteoirí chun straitéisí éifeachtacha foghlama a chur chun cinn agus iompar a bhainistiú.

Is éard atá i gceist leis an gcur chuige seo:

- Creat monatóireachta agus measúnachta i leith comhionannais agus éagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Aghaidh a thabhairt ar aon saincheist nó dúshlán a thagann chun cinn chomh tapa agus chomh cuimsitheach agus is féidir.

[2] Cuireann an tionscadal *Yellow Flag* clár tacaíochta struchtúrtha ar fáil do scoileanna ar mian leo aghaidh a thabhairt ar idirchultúrachas ó thaobh cur chuige sa scoil uile de http://www.yellowflag.ie/home

- Struchtúr foirmiúil a chur ar bun trína dtreoraíonn páirtithe leasmhara obair a bhaineann le snáithe comhionannais ar leith agus trína bhfuil páirt acu i bpríomhchinntí.

- A chinntiú go dtuigeann baill foirne an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu ó thaobh comhionannais agus éagsúlachta de, chomh maith leis an tacaíocht a chur ar fáil dóibh le rochtain a fháil ar acmhainní agus oiliúint a thacóidh leo an caighdeán sin a bhaint amach.

- Oibriú i gcomhar le scoileanna agus eagraíochtaí eile le tacú le foghlaimeoirí faoi mhíchumas.

Sliocht ó Van Driel et al, 2016, l.29

Tacaíocht a thabhairt do mheabhairshláinte dhearfach i measc dídeanaithe linbh agus iarrthóirí tearmainn linbh

Beidh fadhbanna meabhairshláinte ag go leor iarrthóirí tearmainn linbh mar gheall ar thráma roimhe sin nó mar gheall ar bhrú atá orthu faoi láthair, lena n-áirítear fadhbanna airgeadais agus éiginnteacht faoina stádas (Hodes, 2000, l.59). Ach tá sé tábhachtach nach ndéanann daoine fásta a oibríonn leo talamh slán d'aon rud maidir lena riachtanais síceasóisialta, go háirithe má chuir a dtaithí shaoil go minic le leibhéil shuntasacha athléimneachta (Ní Raghallaigh & Gilligan, 2010; Murray, 2017). Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara go bhféadfadh go mbeadh fadhbanna meabhairshláinte ag dalta fiú amháin mura léiríonn siad comhartha soiléir struis agus tráma. Tá sé tábhachtach go dtuigeann baill foirne sa scoil é sin agus conas a bhíonn fadhbanna le feiceáil. Léiríonn taighde (Save the Children, 2016; Fazel & Betancourt, 2017; Murray 2017) go mbíonn réimse fadhbanna meabhairshláinte ag dídeanaithe linbh a bhíonn le feiceáil ar roinnt bealaí, lena n-áirítear:

- Leibhéil níos airde ionsaitheachta;
- Iompraíocht chúlúcháin;
- Imní;
- Easpa fuinnimh, goile nó féinmhuiníne nó;
- Easpa straitéisí féinrialúcháin; téann siad i muinín freagairtí "troid nó teitheadh" i láthair bagartha a mheastar a bheith ann.

Má thagann na fadhbanna seo chun cinn, tá sé tábhachtach go nascfar daltaí leis na tacaíochtaí cuí a chuireann a riachtanais ar leith san áireamh. Féadfaidh comhairleoirí gairmthreorach tacaíocht a thabhairt do dhaltaí ar dídeanaithe iad trí phleananna aonair gairme a fhorbairt, pleananna a aithníonn bealaí le forbairt a dhéanamh ar a láidreachtaí, le dul i ngleic lena riachtanais bhreise agus lena mbealach acadúil a leagan amach don todhchaí.

Féadfaidh scoileanna fóram iontach a chur ar fáil chun athléimneacht na leanaí agus daoine óga a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar iompar dúshlánach. De réir Fazel agus Stein (2002), is é ceann de na príomhthosca cosanta, ó thaobh tionchar a imirt ar an toradh sin, ná go bhfeidhmíonn an scoil mar thacaíocht bhuan shóisialta. Tacaíonn an tacaíocht sin le hathléimneacht leanaí a fhorbairt trína n-inniúlachtaí aonair a fheabhsú agus, dá réir sin, forbairt a dhéanamh ar a bhféinmheas agus ar a mbraistint smachta ar a dtimpeallacht. Tá deis mhaith ag scoileanna agus comhairleoirí gairmthreorach a bheith ina dtacaíochtaí láidre sóisialta do dhídeanaithe linbh agus a dteaghlaigh. Féadfaidh comhairleoirí gairmthreorach iarracht a dhéanamh chun athléimneacht leanaí a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt dóibh a n-inniúlachtaí aonair agus a mbraistint féinmheasa a fhorbairt (Fazel agus Stein, 2002, l.368).

Bíonn a lán tionchar ag tráma ar dhídeanaithe linbh; ina measc sin bíonn sé deacair orthu dearcadh dearfach i leith na todhchaí a fhorbairt ná a choinneáil (Fazel et al 2012, l. 271). Tharraing Dryden-Peterson (2017) aird air go mbíonn dídeanaithe linbh ag ullmhú go minic do thodhchaí dothuartha. D'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar cad a cheapann daoine óga maidir lena slite beatha amach anseo agus/nó a n-uaillmhianta don tréimhse i ndiaidh oideachas foirmiúil. Tá ról fíorthábhachtach ag comhairleoirí gairmthreorach maidir le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe linbh chun a slí bheatha amach anseo a shamhlú as an nua agus plean gairme a fhorbairt, rud a chuirfidh ar a gcumas spriocanna a leagan amach agus a bhaint amach.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Tá dúshláin fós roimh dhaltaí ar iarrthóirí tearmainn iad le linn an phróisis athlonnaithe. Mar gheall ar na hacmhainní teoranta airgeadais atá ag go leor teaghlach a iarrann tearmainn, tá sé tábhachtach a bheith tuisceanach faoi ghníomhaíochtaí nó turais a bhféadfadh costas a bheith ag baint leo.

Cé go meastar go fóill go bhfuil sé deacair caidrimh a bhunú le teaghlaigh ar iarrthóirí tearmainn iad (Horgan, 2017), tá sé fíorthábhachtach go bhforbraítear caidrimh le teaghlaigh agus tuismitheoirí chun rath agus folláine na leanaí sa scoil a chinntiú. D'fhéadfadh tuismitheoirí a bheith míchompordach maidir le páirt ghníomhach a ghlacadh i suíomh oideachais nua ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear easpa muiníne maidir le cúrsaí teanga nó cultúir agus/nó tuiscint theoranta ar na córais agus an struchtúr atá i bhfeidhm (Wideman-Johnston, 2014; Arney et al, 2009).

Tá sé tábhachtach go n-úsáidfear ateangairí proifisiúnta chun cumarsáid agus teagmháil chuí agus mheasúil leis an teaghlach a éascú (Arney et al, 2009, l.35). Tá sé míchuí idirghabhálaithe, nár comhaontaíodh nó nár pléadh fúthu leis an teaghlach, a úsáid, is é sin baill foirne in ionad Soláthair Dhírigh nó freagartha éigeandála. D'fhéadfadh sé sin an bonn a bhaint de neamhspleáchas tuismitheoirí.

Fuair Brewer agus McCabe (2012) amach go raibh 'Pléghrúpa faoi Thuistiú i Sochaí Nua', a reáchtáiltear i suíomh scoile, ina fhóram úsáideach do thuismitheoirí lena dtaithí inimirce a roinnt, a mBéarla a chleachtadh agus foghlaim faoina mbealach a dhéanamh tríd an gcóras oideachais. Chuir an pléghrúpa deis ar fáil do thuismitheoirí a n-ábhair imní a roinnt agus aghaidh a thabhairt orthu, chomh maith le rochtain a fháil ar sheirbhísí pobail. D'éascaigh sé teagmháil níos fearr le múinteoirí agus baill foirne scoile chomh maith.

D'fhéadfaí an tsamhail sin a athchruthú i scoileanna le tacaíocht agus cúnamh ó sheirbhísí pobail chun tacú le scoileanna oibriú le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus forbairt oideachais a gcuid leanaí.

An Bealach a Dhéanamh tríd an gCóras Oideachais

Bíonn sé dúshlánach do dhídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn linbh ach go háirithe a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras oideachais. Is féidir le comhairleoirí gairmthreorach tacaíocht a thabhairt do dhaltaí ar dídeanaithe iad ionas go dtéann siad i dtaithí ar chúrsaí agus go mbainistíonn siad an t-aistriú chuig córas oideachais nua, chun tacú leo ábhair a roghnú agus ábhair suime, scileanna, eolas agus luachanna a bhaineann leis an obair a aithint.

D'fhéadfadh oideachas ar cuireadh isteach air a bheith dúshlánach ach go háirithe nuair a shroicheann daltaí ar dídeanaithe iad an mheánscoil, mar d'fhéadfadh bearnaí ina n-oideachas teorainn a chur lena rogha ábhar agus/nó a gcumas chun staidéar a dhéanamh ag ardleibhéal nó bunleibhéal (Yau, 1995). Ag féachaint don tionchar a d'fhéadfadh sé sin a bheith aige ar a n-oideachas agus a roghanna gairme araon amach anseo, is léir go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag treoirchomhairliú chun tacú le daltaí na roghanna ábhar agus tacaíochtaí acadúla atá riachtanach chun a n-uaillmhianta gairme agus breisoideachais a chomhlíonadh a aithint.

Aitheantas Cultúrtha Daltaí ó Chúlra Mionlaigh a Chaomhnú agus Tacú Leis

Is gné fhíorthábhachtach maidir lena chinntiú go nglacann leanaí ó chúlra mionlaigh páirt i, agus go n-éiríonn leo i, suíomhanna oideachais é braistint chomhuintearais a chothú. Is lú an seans go bhfágfadh leanaí a bhfuil braistint láidir chomhuintearais acu an scoil go luath agus is mó an seans go n-éireodh leo sa chóras oideachais agus go bhforbróidís caidrimh dhearfacha (Willims, 2014, l.25). Bíonn sé deacair go minic ar leanaí ó chúlra mionlaigh an próiseas foghlama agus an t-ábhar i gcuraclam aonchultúrtha a thuiscint agus páirt a ghlacadh (Van Driel et al, 2016, l.40). Is gné fhíorthábhachtach d'oideachas é aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht reiligiúnach, eitneach agus eile. Is éard atá i gceist le tacú le braistint chomhuintearais i measc daltaí ó mhionlaigh:

- Cultúr agus stair na ndaltaí ó mhionlaigh agus ón móramh a chur san áireamh sa churaclam. Laghdaíonn sé sin claontacht agus idirdhealú, forbraíonn sé smaointeoireacht chriticiúil, agus tacaíonn sé le daltaí chun dearcthaí éagsúla a fheiceáil ina gcuid foghlama.

- Bíonn tionchar domhain ag soláthar oideachais máthairtheanga nó dátheangaigh ar bhraistint féiniúlachta duine agus folláine, rud a chothaíonn féinaitheantas agus muintearas; agus

- Spreagtar comhoibriú idireitneach trí mhodheolaíochtaí teagaisc a leabú, modheolaíochtaí a tharraingíonn aird ar láidreachtaí agus ionchuir na ndaltaí agus tacaíochtaí go léir. Ní leor ar chor ar bith daoine óga ó chúlraí difriúla a thabhairt le chéile go fisiciúil le claontacht a laghdú agus caidreamh dearfach idirchultúrtha a fhorbairt; ní mór do scoileanna na dálaí a chruthú ionas gur féidir leis na leanaí go léir oibriú le chéile lena gcumas idirchultúrtha a fhorbairt, is é sin foghlaim fadhb-bhunaithe, foghlaim chomhoibríoch agus oideachas piaraí (Van Driel et al, 2016 l.40).

Tá deis mhaith ag comhairleoirí gairmthreorach tacaíocht a thabhairt do dhaltaí ar dídeanaithe iad tacaíochtaí a aithint agus úsáid a bhaint astu, tacaíochtaí a chothaíonn a gcumas agus a bhfuil meas acu ar éagsúlacht teangacha.

Ceannaireacht Láidir

Tá ról lárnach ag príomhoidí agus bainistíocht scoile maidir le héiteas dearfach scoile a chothú agus chun tacú leis (Billot, Goddard and Cranston, 2007, l.15).

Ní mór meas soiléir a bheith ag bainistíocht scoile ar éagsúlacht chomh maith le cuir chuige idirchultúrtha a spreagadh, rud a chinntíonn go bhfuil eiseamláir dhearfach ann do dhaltaí agus múinteoirí araon. Tá comhchoibhneas soiléir ann idir dearcthaí agus iompar na

bainistíochta scoile agus caidrimh dhearfacha idirchultúrtha a bheith ann idir daltaí (Pica-Smith & Poynton, 2014, l.88).

D'aithin Billot et al ceithre phrionsabal a bhfuil fianaise ann ina leith go dtacaíonn siad le héiteas láidir idirchultúrtha, lena n-áirítear:

- tiomantas láidir do phrionsabail ceartais sóisialta agus iad leabaithe i gcleachtais agus cultúr na scoile;
- glactar leis go bhfuil difríocht ann, agus tá an cumas ann chun oibriú trasna cultúir éagsúla le freastal ar dhifríochtaí agus úsáid a bhaint astu mar láidreachtaí;
- socraítear ionchais arda foghlama do gach dalta agus seachnaítear 'cultúr na leithscéalta';
- déantar ceiliúradh ar nádúr éagsúil eitneachultúrtha na scoileanna, agus is ann do ghníomhaíochtaí cultúir agus spóirt a bhfuil meas acu ar agus a tharraingíonn aird ar dhifríochtaí aonair agus grúpa (l.17).

Monatóireacht agus Measúnú

Tá sé fíorthábhachtach go bhfuil córais shoiléire i bhfeidhm maidir le díriú ar dhul chun cinn daltaí aonair dírithe, an dul chun cinn a rianú agus monatóireacht a dhéanamh air, chun a chinntiú go mbaineann gach dalta an leas céanna as an gcóras oideachais (Abdikeeva, 2014, l.19). Tacaíonn bailiúchán agus anailís sonraí le scoileanna agus múinteoirí chun bearnaí nó laigí a aithint maidir le soláthar na dtacaíochtaí oideachais agus chun riachtanais daltaí agus múinteoirí a aithint. Ba cheart go n-áireofaí le cuir chuige dhearfacha idirchultúrtha anailís mhachnamhach agus scrúdú ar chleachtas reatha lena chinntiú go bhfuil a n-aidhmeanna á mbaint amach aige.

Tuilleadh Eolais

Acmhainní

- Amnesty International sa Ríocht Aontaithe: https://www.amnesty.org.uk/resources-secondaryschools-and-further-education

- An Coimisiún Eorpach, Supporting Teacher Competence Development: http://ec.europa.eu/education/policy/school/doc/teachercomp_en.pdf

- Equality in Second-level Schools: A Training Manual for Educators and Trainers: http://developmenteducation.ie/media/documents/Equality-in-Second-Level-Schools.pdf.

- Equality and Diversity: Building a culture of equality in our society: http://developmenteducation.ie/media/documents/Equality%20and%20Diversity.pdf.

- Forced to Flee: Exploring the Refugee Crisis: https://www.trocaire.org/sites/default/files/resources/edu/resource_refugee_crisis.pdf.

- Guidelines for Educators on Countering Intolerance and Discrimination against Muslims 2011: http://www.osce.org/odihr/84495?download=true

- Integrate Ireland Language and Training: http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Inclusion/English_as_an_Additional_Language/IILT_Materials/

- Know My World: http://knowmyworld.org/.

- Mix it Up: Initiative of the Teaching Tolerance Institute: http://www.tolerance.org/mix-it-up/what-is-mix

- School Without Racism Website: http://www.schoolzonderracisme.be/

- Show Racism the Red Card Teaching Resources: http://www.theredcard.org/resources-and-activities/

- Tackling Controversial issues in the Citizenship Classroom:
- http://www.ubuntu.ie/media/controversial-issues.pdf

- The Big Myth: http://www.bigmyth.com/.

- UNHCR: http://www.unhcr.org/en-ie/teaching-resources.html

- UNESCO Guidelines on Intercultural Education: http://unesdoc.unesco.org/images/0014/001478/147878e.pdf.

- Immigration Status in Ireland: What do I need to know? An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn: https://www.immigrantcouncil.ie/sites/default/files/2018-

01/FINAL%20ICI%20Young%20People%20Info%20Resource-A5-WEB-FA.pdf

Tagairtí

Abdikeeva, A. (2014) *Measure, Plan, Act: How data collection can support racial equality*. An Bhruiséil: European Network Against Racism (ENAR). [I mBéarla]

Ahlen, E., (2006) UNHCR's Education Challenges. *Forced Migration Review,* ll. 10-12. http://www.fmreview.org/sites/fmr/files/FMRdownloads/en/FMRpdfs/EducationSupplement/full.pdf [Nasc Bailí i mBealtaine 2017]. [I mBéarla]

Arney, F., Lewig, K., & Salveron, M., (2009) *The Working with Refugee Families Project. An Astráil:* Ollscoil na hAstráile Theas. [I mBéarla]

Arnold, S., (2012). *State Sanctioned Child Poverty and Exclusion: The case of children in state accommodation for asylum seekers.* Baile Átha Cliath: Comhairle Dídeanaithe na hÉireann. [I mBéarla]

Arnot, M., Schneider,C., Evans, M., Liu, Y., Welply, O., & Davies-Tutt, D., (2014). *School Approaches to the Education of EAL Students: Language Development, Social Integration and Achievement.* Cambridge: The Bell Foundation. [I mBéarla]

Arnot, M., & Pinson, H., (2005). *The Education of Asylum-Seeker & Refugee Children.* Cambridge: Cambridge University Press. [I mBéarla]

Billot, J., Goddard, T., & Cranston, N. (2007). How Principals Manage Ethnocultural Diversity: Learnings from Three Countries. *International Studies in Educational Administration, imleabhar 35(2), ll.3 - 19 (20).* [I mBéarla]

Brewer, C.A. & McCabe, M. (2014). Immigrant mother's use of a discussion group in becoming school ready In C. A. Brewer & M.McCabe (Eagarthóirí), *Immigrant and Refugee Students in Canada* (ll.20-31). Ceanada: Brush Education Inc. [I mBéarla]

Bryan, A. (2012). 'You've got to teach people that racism is wrong and then they won't be racist': Curricular representations and young people's understandings of 'race 'and racism. *Journal of Curriculum Studies,* 44 (5): 599-629. *[I mBéarla]*

Charboti, S., & Berg, L., (2017) Post-traumatic stress disorder in parents and school performance in their children. European Journal of Public Health, 27 (3). [I mBéarla]

Chonaill, B., & Buczkowska, T., *Taking Racism Seriously: Experiences of Racism and Racially Motivated Anti-Social Behaviour in Social Housing.* Baile Átha Cliath: Comhairle um Inimircigh na hÉireann. [I mBéarla]

Comhairle na hEorpa (2017). *Thematic Report Migrant and Refugee Children.* Prepared by, Special Representative of the Secretary General on Migration and Refugees. An Bhruiséil: Comhairle na hEorpa. [I mBéarla]

Cummins, J. (2015) Intercultural education and academic achievement: a framework for school-based policies in multilingual schools, *Intercultural Education*, 26:6, 455-468. [I mBéarla]

Darmody, M., & Smyth, E. (2013). *Governance and Funding of Voluntary Secondary Schools in Ireland, Research Series, No. 34*. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. [I mBéarla]

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2017). *An Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh: Tuarascáil Mhíosúil Staidrimh Nollaig 2017 Baile Átha Cliath, Éire:* An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. [I mBéarla]

Devine, D. (2005). Welcome to the Celtic Tiger? Teacher responses to immigration and ethnic diversity in Irish schools. *International Studies in the Sociology of Education*, 15: 49–70. [I mBéarla]

Devine, D. (2011). Securing migrant children's educational well-being: policy and practice in Irish schools in *Ethnic Minority Children and Youth in Ireland*. Amstardam: Springer. [I mBéarla]

Dryden-Peterson, S. (2017). Refugee education: Education for an unknowable future in *Curriculum Inquiry*, 47:1, 14-24, DOI: 10.1080/03626784.2016.1255935 [I mBéarla]

An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (2017). *Annual Report on the Situation of Asylum in the European Union 2016.* Málta: an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn. [I mBéarla]

An Coimisiún Eorpach (2017). *Compilation of Data, Situation and Media Reports on Children in Migration.* An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach http://ec.europa.eu/newsroom/document.cfm?doc_id=40299 [Nasc Bailí i mBealtaine 2017]. [I mBéarla]

Fazel, M., Reed, R., Panter, B.C. & Stein, A. (2012). Mental health of displaced and refugee children resettled in high-income countries: risk and protective factors. *Lancet*, 379 (9812), 266 – 282. [I mBéarla]

Fazel, M. & Stein, A. (2002). The mental health of refugee children. *Archives of Disease in Childhood* 87, 366–370. [I mBéarla]

FLAC (2009). *One size doesn't fit all: A legal analysis of the direct provision and dispersal system in Ireland, 10 years on.* Baile Átha Cliath: FLAC. [I mBéarla]

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), (2015). *Report on inspection of the child protection and welfare services provided to the children living in direct provision accommodation under the National Standards for the Protection and Welfare of Children, and Section 8(1) (c) of the Health Act 2007.* Baile Átha Cliath: HIQA. [I mBéarla]

Hodes M. (2000) Psychologically Distressed Refugee Children in the United Kingdom. *Child Psychology and Psychiatry Review* 2000; 5:57–68 [I mBéarla]

Human Rights Watch. *Greece: Migrant Children in Police Cells.* https://www.hrw.org/news/2016/07/19/greece-migrant-children-police-cells [Nasc Bailí i mBealtaine 2017]. [I mBéarla]

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) (2014). *Policy Statement on the System of Direct Provision in Ireland*. Baile Átha Cliath: IHREC. [I mBéarla]

Michael, L. (2016) *13th and 14th Quarterly Reports of iREport.ie: Reports of Racism in Ireland 2016.* Baile Átha Cliath: ENAR Ireland.

Murray, J. (2017) Toxic Stress and Child Refugees. *Journal for Specialists in Pediatric Nursing*, 23 (1). [I mBéarla]

Ni Raghallaigh, M., & Gilligan, R., (2010) Active survival in the lives of unaccompanied minors: coping strategies, resilience, and the relevance of religion. *Child and Family Social Work*, 15 (2): 226-237. [I mBéarla]

O'Shea, B., Hodes, M., Down, G., & Bramley, J. (2000). A school-based mental health service for refugee children. *Clinical Child Psychology & Psychiatry 5:* 189–201. [I mBéarla]

Özer, S., Şirin, S., & Oppedal, R., (2016). *Bahçeşehir Study of Syrian Refugee Children in Turkey*. Turkey: Bahçeşehir University. [I mBéarla]

Pica-Smith, C., & Poynton, T. A. (2014). Supporting Interethnic and Interracial Friendships among Youth to Reduce Prejudice and Racism in Schools: The Role of the School Counsellor. *Professional School Counseling, 18 (1). [I mBéarla]*

Freagairt ar Cheist Pharlaiminte (2017). https://www.kildarestreet.com/wrans/?id=201705-16a.170 [Nasc Bailí i mBealtaine 2017]. [I mBéarla]

Save the Children, 2015. *Childhood in the Shadow of War: Voices of young Syrians.* An tSualainn: Save the Children. [I mBéarla]

Save the Children (2016). *Forced to Flee.* Londain: Save the Children. [I mBéarla]

Save the Children (2017). *Invisible Wounds.* Londain: Save the Children.

Tyrer, R.A., & Fazel M., (2014). School and Community-Based Interventions for Refugee and Asylum Seeking Children: A Systematic Review PLoS ONE, 9. http://journals.plos.org/plosone/article?id=10.1371/journal.pone.0089359 [Nasc Bailí i Nollaig 2017]. [I mBéarla]

Institiúid Staidrimh UNESCO. *Próifíl Phoblacht Arabach na Siria.* http://uis.unesco.org/country/SY [Nasc Bailí i mBealtaine 2017].

Institiúid Staidrimh UNESCO. *Próifíl na hAfganastáine.* http://uis.unesco.org/en/country/af [Nasc Bailí i mBealtaine 2017].

UNICEF (2017). *A Child is a Child.* Nua-Eabhrac, SAM: UNICEF. [I mBéarla]

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (2017). *Global Trends: Forced Displacement in 2016 Report*. An Ghinéiv, an Eilvéis: UNHCR. [I mBéarla]

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (2016). *Missing Out: Refugee Education in Crisis.* An Ghinéiv, an Eilvéis: UNHCR. [I mBéarla]

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (2013). *The Future of Syria: Refugee Children in Crisis*. An Ghinéiv, an Eilvéis: UNHCR. [I mBéarla]

Van Driel, B., Darmody and M., Kerzil, J., (2016). *Education policies and practices to foster tolerance, respect for diversity and civic responsibility in children and young people in the EU, NESET II Report.* Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach. [I mBéarla]

Ward, T. (2004). *Education and Language Needs of Separated Children.* Baile Átha Cliath: Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath & Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire.

Wideman- Johnston, T. (2014). Immigrant students' health: An overview of the need to improve our awareness and response to the health of immigrant children and their

families within the educational context. In C. A. Brewer & M.McCabe (Eagarthóirí), *Immigrant and Refugee Students in Canada* (ll.20-31). Ceanada: Brush Education Inc. [I mBéarla]

Willims, J. (2000). *Student Engagement at School a Sense of Belonging and Participation: Results from PISA 2000*. Páras: An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ECFE. [I mBéarla]

Yau, M. (1995). *Refugee Students in Toronto schools: An exploratory study*. (Research Services No. 211). Toronto: Toronto Board of Education. [I mBéarla]

Aguisín 1

Téarmaíocht

Dídeanaí: Duine arbh éigean dó/di teitheadh óna t(hír) mar gheall ar ghéarleanúint, cogadh nó foréigean. Tá imní ar dhídeanaí, agus údar maith leis, faoi ghéarleanúint mar gheall ar chine, reiligiún, náisiúntacht, meon polaitiúil nó ballraíocht de ghrúpa sóisialta ar leith.

Iarrthóir tearmainn: Duine a bhfuil iarratas ar aitheantas mar dhídeanaí déanta aige nó aici. Má thugtar an t-aitheantas sin dó/di, fógrófar gur dídeanaí é/í.

Leanaí Dealaithe: Aon leanbh a scaradh óna t(h)uismitheoirí nó óna c(h)aomhnóir dlíthiúil ach a d'fhéadfadh a bheith ag taisteal le daoine muinteartha eile, siblíní san áireamh.

Mionaoiseach gan Tionlacan: Leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois a thaistealaíonn go hiomlán ina (h)aonar nó i ngrúpa gan tacaíocht ó dhuine muinteartha ar duine fásta é/í.

Soláthar Díreach: An córas cóiríochta a chuireann an Stát ar fáil do dhaoine a iarrann tearmann nó cosaint in Éirinn atá ag fanacht ar aitheantas a stádas dídeanaí.